



***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2017***

***Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)  
Gnáthleibhéal***

***Roinn B (60 marc)***

***Dé Luain, 19 Meitheamh***


***Tráthnóna, 2:00 - 4:00***

***Treoracha***

- (a) Freagair trí cheist. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- (b) Tá cead agat ceist 5A nó ceist 5B a fhreagairt ach ná freagair an dá cheann.
- (c) Nuair is gá sceitsí, ba chóir iad a dhéanamh go saorlámhach.
- (d) Scríobh do scrúduimhir ar do fhreagarleabhar agus ar gach billeog eile a úsáidtear.
- (e) Ní mór **Ceist 2** sa Roinn seo a fhreagairt ar pháipéar líníochta. Ba chóir gach freagra scríofa eile a thabhairt ar an bhfreagarleabhar atá curtha ar fáil.

1. Taispeánann an léaráid seastán le haghaidh scian chistíne. Tá laoch mar théama aige agus tá sé déanta as adhmad.

- (i) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** a n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí na sliotáin dhronuilleogacha do na sceana a ghearradh amach.
- (ii) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** a n-úsáid agat, déan cur síos ar mhodh chun an deilbh A a shiúntú do bhonn B an tseastáin.
- (iii) Mol bailchríoch fheidhmeach oiriúnach don tionscadal.  
Luaign **dhá** chuíis le do rogha.



2. Taispeánann an íomhá thíos fón agus uaireadóir ar sheastán adhmaid.


Tugtar ar dheis línlíocht den seastán adhmaid agus toisí uirthi.

Tá na seaimféir go léir **10mm × 10mm** agus tá ga **5mm** ag na filléid.

- (i) Tarraing, ina lánmhéid, **Aghaidhchló** ag féachaint sa treo ina bhfuil an tsraighead A.
- (ii) Teilg **Taobhchló** ón Aghaidhchló.
- (iii) Cuir isteach **ceithre** phríomhthoise.


*Taispeán go soiléir na toislínte, cinn na saighead, etc.*

*(Ní gá sonraí folaithe a léiriú.)*




3. Taispeánann an léaráid trasghearradh de chrann.

- (i) Ainmnigh an t-adhmad dorcha a thaispeántar ag **A** agus an t-adhmad níos gile a thaispeántar ag **B** sa léaráid.
- (ii) Luaigh **dhá** dhifríocht idir an t-adhmad ag **A** agus an t-adhmad ag **B**.
- (iii) Tarraing *sceitse néata saorláimhe* de thrasghearradh crainn agus cuir lipéid ar **thrí** chuid ar bith eile.
- (iv) Luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach** ceann de na codanna seo a leanas de chrann:
  - (a) Stoc
  - (b) Fréamhacha
  - (c) Corón



4. Taispeánann an léaráid radharc ar sheastán bileoige ón tosach agus ón gcúl. As adhmad agus aicrileach atá an seastán déanta.


- (i) Agus nótaí agus *sceitsí néata saorláimhe* á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a lúbtar an leathán aicrileach ar uillinn 90° mar a thaispeántar ag **C**.
- (ii) Agus nótaí agus *sceitsí néata saorláimhe* á n-úsáid agat, déan cur síos ar mhodh oiriúnach **amháin** chun an píosa aicrileach a cheangal den ráille cúil adhmaid **D**.
- (iii) Agus nótaí agus *sceitsí néata saorláimhe* á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar dhearadh an tseastáin chun cuma níos deise a chur air.



## 5. Freagair 5A nó 5B

5A. Taispeánann an léaráid teach éan i bhfoirm dearcáin a rinneadh as dhá bhloc adhmaid agus deil á húsáid.

- (i) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist in ullmhú ceann amháin de na bloic chearnógacha sula gcurtear suas ar an deil é.
- (ii) Ainmnigh uirlis **amháin** is féidir a úsáid chun trastomhas an phíosa a sheiceáil agus déan **sceitse néata saorláimhe** di.
- (iii) Liostaigh **trí** réamhchúram sábhálteachta ar leith nach mór cloí leo nuair a bhítear ag obair ar dheil. Luaigní cús le **gach** réamhchúram díobh.



NÓ

5B. Taispeánann an léaráid íomhá atá snoite as adhmad.

- (i) Ainmnigh an modh snoíodóireachta seo.
- (ii) Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí cruth an chait a aistriú ó bhileog pháipéir go dtí an t-adhmad.
- (iii) Ainmnigh uirlis snoíodóireachta **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid sa tionscadal seo agus déan **sceitse néata saorláimhe** di.
- (iv) Ainmnigh modh snoíodóireachta **amháin** eile.

Agus nótaí agus **sceitsí néata saorláimhe** á n-úsáid agat, déan cur síos ar an modh eile seo.

